Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5250/25**

**LIMITE**

**STAT 1**
**FIN 34**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar oifigeach chuig post an Ardstiúrthóra in Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an ….**

**lena gceaptar oifigeach chuig post an Ardstiúrthóra in Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagail 1, 1a agus 4, agus Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne sin,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/262 an 6 Feabhra 2017 ón gComhairle lena gcinntear, i dtaca le hArdrúnaíocht na Comhairle, an t-údarás ceapacháin agus an t-údarás arna chumhachtú chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/811/AE[2], agus go háirithe Airteagal 1(1), pointe (b), de,

Ag féachaint don fhógra faoi fholúntas le haghaidh post an Ard-Stiúrthóra ar Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide agus na Faisnéise (COMM) in Ardrúnaíocht na Comhairle, a foilsíodh go hinmheánach, go hidirinstitiúideach agus go seachtrach agus a seoladh freisin chuig Buanionadaíochtaí na mBallstát,

---

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.

[2] IO L 39, 16.2.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/262/oj .

Ag féachaint don togra ó Ardrúnaí na Comhairle,

De bhrí go gceadaítear leis an bplean bunaíochta atá i gceangal le Roinn II (An Chomhairle Eorpach agus An Chomhairle) den bhuiséad ginearálta oifigeach a cheapadh chuig post Ardstiúrthóra,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Preben AAMANN amhail ón 1 Feabhra 2025 chuig post an Ardstiúrthóra (AD 15) ar Ardstiúrthóireacht na Cumarsáide agus na Faisnéise (COMM) in Ardrúnaíocht na Comhairle.

*Airteagal 2*

1. Dírítear an Cinneadh seo chuig Preben AAMANN.

2. Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a dtabharfar fógra ina leith do Preben AAMANN.

Arna dhéanamh ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC